



### **Cruinniú 15: The Barbican Centre, Sráid Liam. Droichead Átha**

Cuireadh fáilte roimh Hubert Murphy chuig Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, tar éis dó teacht i gcomharbacht ar Robert Murray mar Uachtarán ar Chumann Tráchtála Dhroichead Átha.

Rinneadh athbhreithniú ar chruinniú an 20<sup>ú</sup> Eanáir áit ar tugadh cuireadh do bhaill de gach struchtúr de Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh gníomhaíochta go dtí seo agus pleanáil le haghaidh 2023. Mhottaigh na baill gur cleachtadh luachmhar a bhí san ócáid. Ullmhaíodh tuarascáil ócáide le scaipeadh ar an bpobal agus tá cruinniú leantach sceidealaithe do mhí an Mheithimh 2023.

Gach seans go gcuirfear san áireamh aighneacht a chuir chuig an bhFoireann Náisiúnta Comhordaithe (FNC) maidir le tionscnamh píolótach na Comhghníomhaireachta um Fhreagairt ar Choireacht (CFC) i nDroichead Átha ag cruinniú FNC an 23<sup>ú</sup> Feabhra.

Luaigh na foghrúpaí Póilíneachta agus Drugaí agus Tacaíochta Teaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachais araon an gá dul i mbun gcomhráite le meabhairshláinte FSS. Moladh próiseas chun an rud céanna a éascú.

Roinneadh ábhair a bhaineann le Feachtas Bruscair a Bhaineann le Drugaí agus a d'fhorbair Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí & Alcóil an Oirthuaiscirt chun cur leis an malartú snáthaide atá ar na bacáin ag Tionscadal an Doras Dheirg. Cuirfear oiliúint ar fáil don Gharda Síochána, do Chomhairle Contae Lú agus d'fhoireann Chomhairle Contae na Mí chun tacú leis an bhfeachtas seo.

Tá Measúnú Tionchair na Coireachta Pobail á leathadh amach le seisiún oiliúna do theagmhálacha pobail, ionadaithe gníomhaireachta reachtúla agus baill de ghrúpa réitigh fadhbanna atá sceidealaithe le bheith ar siúl an 7<sup>ú</sup> Márta.

Breithníodh agus ceadaíodh scéim chun ciste deontas beag gur fiú €125,000 a sheachadadh. Oslófar an scéim deontais d'iarratais 27/02 agus dúnfar í 31/03/2023. Cuirfear maoiniú €50,000 ar leataobh d'iarratais níos lú ná €2,000 – 5,000 chun grúpaí níos lú rochtain a bheith acu ar an gciste a éascú.

Rinneadh togra ó Chuibhreannas na Mónadh Móire/Cuideachta Forbartha Bhaile Fearainn na Mónadh Móire Teoranta a bhí ag lorg tacaíochta chun Mol Pobail Mhuine Mór/Droichead Átha Thuaidh a fhorbairt, a bhreithniú agus a cheadú.